

Ros na Rún

sa 23ú Séasúr agus anois in HD

Déirdre Ní Fhlaithearta

Aithníonn daoine Ros na Rún mar shobaldráma ar TG4 agus níl aon dabht ach go bhfuil an-tóir ag an lucht féachana ar na carachtair agus iad anois ag dul thríd an saol sa 23ú séasúr. Ach meas tú an bhfuil an oiread áirde tugtha ar an sobal seo mar ghnó, mar áis agus mar thionscal sa gceantar atá ag cur fostaíochta agus traenála ar fáil le os cionn scór bliain.

Lonnaithe sa Spidéal, tugann an sobaldráma fostaíocht do 150 duine ar feadh sé mhí gach uile bhliain agus iad i mbun scannánaíochta lena chinntiú go mbíonn eagrán le craoladh dhá uair sa tseachtain.

I ndáiríre, tá na mílte duine fostaithe agus traenáilte san earnáil sin ó bhunaigh Máire Ní Thuathail a comhlacht Eo Teilifís. Tá Máire imithe ar shlí na firinne anois ach tá Siobhán Ní Ghadhra ag coinneáil an spioraid sin ag imeacht agus í i ag rith an chomhlachta anois – agus *Tyrone Productions* in éineacht léi i mbun Ros na Rún.

Inniu, is iomaí duine atá ag obair ar an sobaldráma seo

a thosaigh amach ag traenáil ar an seit agus go deimhin cuid acu imithe ag obair le scannáin agus cláracha teilifíse ar fud an domhan, mar go bhfuil an-mheas ar na cáilíochtaí atá bainte amach acu sa Spidéal. Tá traenáil foirmiúil le fáil i rith na bliana i gClár Gréasán na Meán Skillnet agus cuireann siad sin traenáil phraiticiúil agus chruthaitheach ar fáil a dhíríonn ar scéalaíocht agus cumarsáid sna meáin, i gcló, sa teilifís, sa raidió agus ar an idirlíon.

Tairiscíonn Gréasán na Meán traenáil nuálach do chéimithe dífhostaithe a thugann eolas praiticiúil dóibh chun fostaíocht a chinntiú sa todhchaí san earnáil ealaíne



Patricia Carroll ó Tyrone Productions; Déirdre Ní Fhlatharta, Léiritheoir Sraithe Ros na Rún; Siobhán Ní Ghadhra, Léiritheoir Feidhmiúcháin Ros na Rún agus an t-ambránaí cáiliúil, Daniel O'Donnell



agus bíonn deiseanna fostaíochta ar fáil i Ros na Rún do chéimithe a chríochnaíonn an traenáil. Is cinnte go bhfuil deiseanna fostaíochta ar fáil, ní amháin i gceanncheathrú Ros na Rún ach sa gceantar mórthimpeall agus ar fud an domhain.

Fuair seit Ros na Rún nuamhaisiú le go mbeadh sé réidh do HD i rith an tsamhraidh. Leis sin, bhí treascairt agus athchóiriú le déanamh ar chuid de na seiteanna chomh maith le ceamaraí agus trealamh coimhdeach a ceannach. Tá €1 milliún infheistithe in ullmhúcháin na teicneolaíochta HD. Ní hé amháin go dtugann sé sin pictiúr níos soiléire don lucht féachana ach beidh deis mharagaíocht idirnáisiúnta ann don chlár dá bharr freisin.

É sin ráite, níl aon dabht ach go bhfuil agus go mbeidh Ros na Rún saite i gcróí cheantar Chonamara agus tá lucht féachana dílis seachtainiúil ag an gclár go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta (ar an idirlíon) agus is iad siúd an dream a bhfuilfear ag díriú orthu.

Is iomaí scéal atá curtha faoi bhráid síos thríd na blianta agus bhí corr ‘celeb’ (Stephen Fry, Daniel O’Donnell, Francis Brennan, Nathan Carter agus Alan Hughes as TV3 páirteach) ach is iad na haisteoirí – óg agus sean – a thugann brí do Ros na Rún gach uile Mháirt agus Déardaoin ag 8.30 i.n. idir seo agus mí na Bealtaine seo chugainn. ■

Thuas, ar chlé: Máire Ní Thuathail, nach maireann, bunaitheoir na cuideachta léiriúcháin teilifíse Eo Teilifís, in éineacht lena geal, Stocaí.

Sa lár: Tadhg (Macdara Ó Fátharta) i Ros na Rún ag coinneáil súil ghéar ar chúrsaí.

Ag bun: Colm Ó Fátharta agus Máire Uí Dhoirghneáin ó Ros na Rún, leis an gcriú taifeadta, i mbun traenála ar sheit Ros na Rún don chóras nua HD.

